So hope for a great sea change
On the far side of revenge.
Believe that a farther shore
Is reachable from here.
Believe in miracles
And cures and healing wells.

Seamus Heaney

Achoimre ar ár Moladh

DOIRE~LONDONDERRY
Cathair Chultúir na RA 2013

Ár Scéal

Tá Doire réidh le hathrú agus dá mbeadh sí ainmnithe mar Chathair Chultúir na Ríochta Aontaithe 2013 agus gach rud a thagann leis, sholáthródh sé tionchar catalaíoch dár muintir agus dár ngeilleagar.

Ar an ábhar go bhfuilimid ag glacadh páirte, tá borradh de chruthaitheacht eisceachtúil le feiceáil ar fud na Cathrach agus na réigiúin cheana. Faoi láthair, tá ár gCathair mar áit dóchais, soirbeachais, chinnidh, fhiosrúcháin, staire agus sóláis, thar mar a bhíodh sí riamh.

Beidh an bhliain 2013 ina ham uathúil do Dhoire ina stair. Beidh sé 400 bliain ón uair a tógadh ár mBallaí Cathrach, ócáid a chuir cruth ar ár gcathair go fisiciúil agus go mothúchánach. Sa bhliain 546 AD ansin, bunaíodh an chéad mhainistir agus chuamar ar aghaidh go dtí an phlandáil, léigear, eisimirce agus inimirce, ar aghaidh go dtí an lá atá inniu ann.

Tá cruth curtha againn ar scéalta ar fud an domhain ina bhfuil ár 9 mílliún Diaspóraí ag cur fúthu agus ag leanúint ar aghaidh lenár leagáid. Seasann ár gcaite déanach mar rabhacán dóchais do phobail ar fud an domhain atá ag tabhairt aghaidh ar fhadhb na deighilte.

Tugaimid aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le díobháil eacnamaíochta agus sóisialta ar ár mbealach de chlaochlú agus ag déanamh síochána. Táimid tiomanta d'aghaidh a thabairt ar na saincheisteanna seo le hathghiniúint treoraithe go cultúrtha mar eochair dár n-athrú céimnitheach.

Táimid tar éis gabháil go cruthaitheach lenár ngeallshealbhóirí chun forbairt a dhéanamh ar na cláir agus na pleananna molta againn. Tá sé mar bharrmhian againn teagmháil a dhéanamh lenár saoránaigh uile – éileamh nach ndéanaimid go fánach!

Táimid ag athnascadh daoine timpeall an dá oileán seo agus níos faide i gcéin. Táimid ar an gCathair stairiúil is fearr nasctha go digiteach san Eoraip.

Idirfhífimid an méid is fearr de chleachtas áitiúil agus domhanda, ag díriú ar céard is cultúr ann, a ról seamhnach in athghiniúint, síochánaíocht, agus an chaoi ina bhfuil teicneolaíochtaí digiteacha ag athchóiriú an bealach ina gcruthaímid agus ina n-úsáidimid ár gcultúr.

Bainfimid úsáid as an eispéireas agus as an bhfeabhas dár n-eagraíochtaí cultúrtha ar bhealach inbhuanaitheach a chruthaíonn leagáid a mhairfidh ar feadh i bhfad. Tá an t-eispéireas seo ag tabhairt deise, nach bhfaightear ró-mhinic, ár gcathair a chlaochlú, ag cruthú áit slán dúinn féin chun ár stair a thaiscéaladh, ag déanamh forbartha ar mhuinín as an nua a eisleoidh ón dtaisceál sin.

Cuirfidh Cathair Chultúir na Ríochta Aontaithe an spotsholas ar an talann atá ag Cathair le cáil bainte amach acu dá buaiteoirí Dhuaiseanna Nobel, dá filí agus dá drámadóirí, dá scríbhneoirí agus dá stiúrthóirí, dá ceoltóirí agus dá hamhránaithe, dá haisteoirí agus dá healaíontóirí. Nascann ár gcuspóir uathúil de rannpháirtíocht chultúrtha ár dtalann atá ag teacht chun cinn ó leibhéal na gcomharsan, tríd ár gcumainn ealaíne, go dtí ár seaimpíní áitiúla agus idirnáisiúnta. Cinntíonn sé seo go mbeidh rochtain ag gach saoránach ar chultúr sa bhliain 2013 agus cuirfidh sé ar an ardán idirnáisiúnta muid.

Cruthóimid droichead iontach idir Londain 2012 agus Glaschú 2014. Tá nasc uathúil againn leis an dá chathair tríd an stair a roinnimid le chéile. Taispeánfaimid gur féidir tír níos faide i gcéin a bhaint amach ón áit seo trí naisc a chruthú thar na haigéin lenár nDiaspóra ar fud an domhan. Is pointe imeachta agus pointe teachta muid a thabharfadh deis don domhan uile cloisteáil faoin ár n-aistear ó stair lán le hachrann go dtí todhchaí a roinnfimid le dea-mheas.

"Níl dada a chuirfidh bac orainn"; táimid ceanndóchasach go n-éireoidh linn. Beidh ár gclaochlú agus ár n-oidhreacht mar shaothar ealaíne ag teacht ar aghaidh.

Ár soláthar

Soláthróimid mar go bhfuilimid soiléir faoin méid atá le déanamh againn agus an chaoi a ndéanfaimid é agus tá maoiniú agus urraíocht sainaitheanta againn ionas go mbeimid in ann clár imeachtaí ar chaighdeán domhanda a sholáthar. Tá páirtíocht láidir againn le Comhairle Cathrach Dhoire, le Ilex, agus le SIB, ag obair i gcomhpháirtíocht lenár bhFóram Comhpháirtíochta Cultúrtha, thar Rialtas idir áitiúil agus lárnach agus ag baint úsáide as na naisc dhochta atá againn le Londain, le Baile Átha Cliath agus le Washington, gan ach beagán a luadh.

Tá ár scéal barántúil agus doshéanta tar éis gluaiseacht gan fascadh de thacaíocht agus de shaineolas a sholadú dúinn.

In aineoinn má táimid nó mura bhfuilimid rathúil an teideal de Cathair Chultúir na Ríochta Aontaithe a ghnothú, ní chuirfidh sé stop lenár rannpháirtíocht láidre agus an ghluaiseacht tacaíochta atá gnóthaithe againn go dtí seo agus leanfaimid ar aghaidh ag soláthar clár cultúrtha ar chaighdeán domhanda chun an bhliain 2013 a chéiliúradh. Ar ndóigh, táimid ag déanamh iarrachta an teideal Príomhchathair Óige na hEorpa a ghnóthú sa bhliain 2013 agus stádas mar Chathair Shláintiúil na hEorpa.

Tá foireann tiomanta agus phroifisiúnta cruthaithe againn agus tá siad tar éis a gcroíthe agus a n-anamacha a fhágáil faoi chruthaitheacht agus faoi thalann ár ndaoine a dhíghlasáil tríd an bpróiseas iarrachta.

Tríd an ainmniúchán de Chathair Chultúir na Ríochta Aontaithe a ghnóthú, cuirfidh sé dlús taobh thiar dár bhfoireann Cuideachta Chultúrtha a bhunú chun an Clár Cultúrtha a bhrú ar aghaidh sna blianta ag teacht i dtreo, agus ansin le linn na bliana 2013. Leanfaidh sé an cleachtas is fearr, beidh sé féinrialaitheach, neamhspleách agus coinneoidh sé ionracas cultúrtha agus ealaíne.

Tá cuid mhór den mhaoiniú agus den urraíocht daingnithe againn cheana féin chun ár gclár cultúrtha aidhmeannach a sheachadach, fiú le linn na n-amanna eacnamaíochta deacra seo, tabharfaidh an t-ainmniúchán an deis dúinn tuilleadh infheistíochta a tharraingt isteach. Tá an tacaíocht atá faighte go dtí seo ó gach cuid den Rialtas tar éis a bheith thar cionn, díreach mar atá an fhreagairt ó na hearnála daonnachtúla agus príobháideacha go dtí seo.

Táimid tiomanta do bheith in ann ár ndóthain féin a tháirgeadh, féintuilleamaíoch agus éifeachtach ag acmhainní a chur i bhfeidhm, ag déanamh fás ar lucht éisteachta nua agus ag déanamh forbartha ar thairiscintí cultúrtha nua a chruthóidh oidhreacht tríd an gCiste Oakleaf chun cláir agus cumainn a chothú níos faide ar aghaidh ná an bhliain 2013.

Infheisteoimid níos mó ná £200m in ár n-infreastruchtúr. Cruthóimid ciste cultúrtha náisiúnta ag Ebrington, chomh maith le dul ar thóir stádas Oidhreachta Domhanda dár mballaí Cathracha. Infheisteoimid i margaíocht a dhéanamh ar ár réigiúin ag baint úsáide as modhanna líonraithe sóisialta agus víreasacha nua agus nuálaíocha mar shampla an 11,000 cairdeas Facebook atá againn agus ár bhfeidhmiú don "iPhone/iPod touch" ionas go mbeimid in ann teagmháil a dhéanamh le margaí domhanda nua.

Tá cuntas teiste againn d'imeachtaí ar chaighdeán domhanda a sheachadadh agus tá na hacmhainní againn thar an réigiún chun sárthaispeántas a dhéanamh de agus a bheith mar óstach do na príomh-imeachtaí a thagann leis an ainmniúchán.
Táimid ag smaoineamh ar scála mór!

Táimid tiomanta, go fad téarmach, dó seo. Is féidir linn tionchar ár ngníomhartha a mhúnlú, a mheá agus monatóireacht a dhéanamh orthu thar tréimhse fada ar ár bpáistí agus ar ár ndaoine óga chomh maith le ar ár gcomhphobail is measa faoi mhíbhuntáiste. Is féidir linn agus is cinnte go roinnfimid ár bhfoghlaim.

Brisfimid an Cód Cultúrtha agus nochtóimid an spiorad agus an fuinneamh nach féidir a smachtú dár ndaoine tríd ár Seaimpíní Cultúrtha agus righneas ár nImscrúdaitheoirí Cultúrtha.

DÍGHLASÁLFAIMID Cruthaitheacht agus CÓNAISCFIMID ár gcomhphobail mar Sheaimpín Cultúrtha Digiteach na Ríochta Aontaithe.

Cruthóimid scéal nua agus lán le brí dár n-aistear ó Phlandáil go Síocháin.

Is scéal é a chaithfear a insint!

Ár gClár Cultúrtha

Meabhróidh an Clár Cultúrtha ionannas na Cultúrtha agus a daoine agus beidh sé tréithithe ag idir Chéiliúradh Gealgháireach agus Fhiosrú Fánach. Cumasóidh sé muid scéal nua a chruthú ag am ina bhfuil an t-am ceart tagtha chun féachaint ar an dá choincheap go comhuaineach. Seasann an Dréacht Cláir Chultúrtha molta do bhlúirín den ngluaiseacht smaointe atá ginte cheana féin sa Chathair, gach ceann acu a áitíonn athruithe bunaidh ó thaobh ceapaidh agus déanaimh agus i gcaidrimh le pobail de gach saghas chomh maith le naisc fhriseáilte agus nua leis an gcuid eile den domhan. Tá ceithre eochairchuidithe ag ár gcoincheap chun an Cód Cultúrtha a Bhriseadh óna bhforbraíodh ár gClár Cultúrtha agus faoin a bhfuil ár n-imeachtaí soláthraithe. Léiríonn na samplaí thíos na cinéalacha mór-imeachtaí a d'fhéadfaí a sheachadadh sa bhliain 2013:

Ag Díghlasáil Cruthaitheachta – Ag déanamh forbartha ar deich mbliana d'obair i gcomhpháirtíocht le Sir Ken Robinson, bainfimid úsáid as Cathair Chultúir na Ríochta Aontaithe mar spreagadh chun cláir a chruthú a sholáthróidh eispéiris fhoghlama uathúla, a spreagfaidh ár gcuraclam agus a scaoilfidh leis an talann atá ag ár ndaoine áitiúla, ag déanamh iad a nascadh leis an domhan mór. Seo a leanas príomheilimintí an chláir a thabharfaidh aghaidh ar an gcuidí seo:

Gealltanas Ceoil do Pháistí – clár uathúil a thabharfaidh rochtain d'uirlisí ceoil chomh maith le ranganna ceoil do gach páiste scoile i nDoire. Tá an clár seo formhuinithe ag Feargal Sharkey mar Sheaimpín Cultúrtha agus Ceann Ceoil na Ríochta Aontaithe agus tá lascaine mhaith aontaithe le soláthraithe uirlisí ceoil.

Ambasáidí Cultúrtha – is deis í seo chun ealaíontóirí a mhealladh ó gach corn den domhan chun an méid is fearr dá gcleachtais a roinnt linn trí mhaireachtáil sa Chathair ar feadh bliana. Oibreoimid go dlúth le comhphobail áitiúla chun iad a spreagadh a gcruthúnas féin a dhíghlasáil agus é a thaispeáint don domhan.

Interface Biennale 2013 – Is móroireachtas indirnáisiúnta d'imeachtaí ealaíne radharcacha nua-aimseartha é An Interface Biennale a mhairfidh ar feadh bliana agus a bheidh ag dul ar aghaidh taobh istigh den Chathair agus na háiteanna thar timpeall uirthi in ionaid nua agus neamhchoitianta. Ina theannta sin, bunóidh sé cáil na Cathrach i saol na n-ealaíon radharcacha.

Comhrá Digiteach – Ar an ábhar go bhfuil muinín agus inniúlacht ag dul i méid, uasmhéadóimid na deiseanna cruthaitheacha soláthraithe ag an nasc trasatlantach Kelvin agus an mhórnascacht snáithín optúil áitiúl a sholáthraíonn sé (níos mó ná 500 snáithín optúil, gach aon cheann acu in ann 100Gb de shonraí a iompar trí Dhoire). Nascann an "píopa" seo leis an Eoraip, leis na Stáit Aontaithe agus níos faide i gcéin trí shé chábla faoi-aigéan ag déanamh Doire ceann de na Cathracha is fearr nasctha ó thaobh na staire de ar domhan. Is deis mhór í seo do thaiscéalaíocht chruthaitheach, d'imeartas agus do dháileadh smaointe nua.

Rochtain Chruthaitheach san Aois Dhigiteach – Feidhmeoidh an clár seo mar inspreagthóir agus mar fhócas d'fhorbairt gníomhaíocht curaclaim bhreise bunaithe ar fhoghlaim ar líne agus ar shealbhú scileanna nua i gcruthaitheacht dhigiteach. Rachaidh sé seo chuig gach aon scoil i dTuaisceart Éireann ó Dhoire.

Ná Tabhair Aird ar Imtharraingt – Réalachas frithmheachan trí fheachtas ar ardchaighdeán ar fud na Ríochta Aontaithe ag céiliúradh an poitéinseal atá ag filíocht dúshláin an tsaoil a chúiteamh agus ag cur rannpháirtíocht chun cinn ag baint úsáide as scríbhneoirí as Tuaisceart Éireann chun freagairt a fhaghairt. Bheadh gné dhigiteach leis seo le mol ar líne chun iontrálacha a fhoilsiú, vótaí a chaitheamh,

tráchtanna a dhéanamh agus véarsaí nua a chruthú. Dhéanfaí measúnú ar an liosta deiridh agus bhronnadh Seamus Heaney an buaiteoir.

Naisc Chruthaitheacha – Nascfaidh na naisc chruthaitheacha ár gcomhphobail ar bhealaí nuálaíocha agus intleachtacha ag tabhairt gutha dóibh, go minic don chéad uair. Tacaíonn an cuidí seo le sraith imeachtaí a léiríonn ár dtalanna cruthaitheacha agus na cinn atá ag daoine eile. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná iliomad de cheol, de dhamhsa, d'ealaíon agus de thaibhiú nua-aimseartha a nascfaidh ár gcultúir éagsúla atá go minic eisréimneacha i gcláir thaiscéalaíochta trí Chéiliúradh agus trí Fhiosrú. Seo a leanas príomheilimintí an chláir a thabharfaidh aghaidh ar an gcuidí seo:

Mic agus Iníonacha 2013 Imeacht Oscailte – Ceolchoirm ar an talamh paráide a chaithfidh solas ar an talann ar chaighdeán domhanda atá cruthaithe ag an gCathair. Is éard a bheidh anseo ná taispeántas beo measctha le sárthaispeántas amharcdhigiteach mórthaibhseach de stair Chathair na nAmhrán. Chomh maith leis sin, beidh sé mar lainse don tionscadal Ag Soilsiú na Cathrach. Is insealbhú a mhairfidh ar feadh bliana é seo le turraing ollmhór, ag déanamh foirgnimh ghradamtha, struchtúir íocónacha agus treoirmharcanna stairiúla a bheochan. Bheimís ag dul ar thóir ealaíontóir de chalabra Krzysztof Wodiczko d'fhonn rannpháirtíocht phoilblí den chéad scoth a chinntiú. Ina theannta sin, d'aontaigh an Comhlacht Riverdance go gcuirfidh siad taispeántas ar siúl sa Chathair le linn 2013.

Ag Briseadh an Cód Cultúrtha – Bainfimid úsáid as ár nImscrúdaitheoirí Cultúrtha, coincheap a shainaithníodh chun daoine idir óg agus aosta a spreagadh chun páirt ghníomhach a ghlacadh i dtaighde agus in imscrúdaithe a dhéanamh ar a bpobail, a mbailte agus a gcathracha ar fud na Ríochta Aontaithe, ionas go mbeidh siad in ann an Cód Cultúrtha a Bhriseadh. Is éard atá sa Chód Cultúrtha ná na rialacha agus na prionsabail, na modhanna agus na cothromóidí, na hoidis agus na pleananna atá in ann athrú domhain agus dearfach a dhíghlasáil inár bpobal, ag díriú go héifeachtach ar mhíbhuntáiste agus a mheánn agus a léiríonn tionchar ár gcuid oibre.

Oireachtas Domhanda Damhsa agus DJ – Olloireachtas de cheol agus de dhamhsa nua-aimseartha ag cur le hoireachtais áitiúla le cáil bainte amach acu cheana i gcomhpháirtíocht leis an Exit Festival Serbia le moladh arís chuig an BBC chun The ONE Big Weekend a chur i láthair in athuair.

Ag Cruthú Scéal Nua – Mar phota óir chultúrtha, aithnímid go dtugann ár dtraidisiúin chultúrtha agus pholaitiúla aghaidh ar an stair ó áiteanna eisréimneacha ó am go chéile agus go gcaillfear an fhírinne féin san aistriúchán. Fágann "líon na bpáirteanna abhógach" muid le roinnt smaointeoireachta claontachta agus tá sé beartaithe againn ár gClár Cultúrtha a úsáid chun scéal nua, trí fhiosrú cuspóireach tiomáinte ag cultúr, a shainiú a cheadóidh radhairc éagsúla agus smaointe le bheith súite agus measta.

Filleadh Cholm Cille "Cruthaitheoir na Síochána" – Tóstal mórthaibhseach taobh amuigh, ar uisce ar an bhFeabhal, i gcroílár na Cathrach eagraithe timpeall Ócáid Shamhna a bheidh feabhasaithe go mór. Óna dheoraíocht fhéin-nochta ar Oileán Í, fillfidh an Manach finscéalach ón tséú haois ar a chathair ghrách ar Churrach ón 21 aois ag bronnadh a bheannú de shíocháin nua don nua-aois ar an gcathair athshaolaithe. Mar leagáid an bhronntanais de Shíocháin don Chathair, tabharfaidh sé crann darach do gach páiste idir aon bhliain d'aois agus trí bliana déag d'aois le bheith curtha ina gcuimhne agus mar chomhartha ama den uair a thosaigh an Chathair ar ré nua. Agus é ag imeacht, iompróidh sé an Bhladhm Oilimpeacha, tagtha chugainn ó Londain agus a chuirfidh sé ar aghaidh go dtí Glaschú.

An Coimisiún Field Day – Bheadh sé mar aidhm ag léiriú Field Day nua dul i ngleic le agus meabhrú dúinn 'an staid chultúrtha reatha ina bhfuilimid'. Nuair a bunaíodh é, bhí sé mar aidhm ag Field Day an 'Cúigiú Cúige' a chruthú, a bhí/atá mar spás cultúrtha a tharchéimnigh an toiseacht a bhain le polaitíocht bhodhar ón am imithe tharainn. Is dúshlán nua é dul i ngleic leis an todhchaí agus tuairimíocht a dhéanamh ar 'stáit' inmharthana san am i láthair agus sa todhchaí i spás iar-chathaithe.

Cultúr i gcroílár Athghiniúna

Thar an 18 mí deireanacha, thug ár gCathair faoi aistear athghiniúna atá uathúil ar bhealaí éagsúla:

- d'aontaíomar ar mhisean a chomhcheanglaíonn geilleagar níos láidre agus níos tonnchreathaí; ag déanamh cinnte go ndírítear deiseanna agus buntáistí a bhaineann le hathghiniúint ar na grúpaí is siolgaire inár bpobail;
- táimid tar éis níos mó ná 1,000 saoránach a chur ag obair ar fhorbairt a dhéanamh ar an bplean nua seo go dtí 2020 agus ar aghaidh;
- táimid fócasaithe ar dhá eochairchuspóir eacnamaíochta: ag déanamh príomhcheann scríbe dár gCathair do Thurasóireacht, do na hEalaíona agus do Chultúr; agus
- ag tógáil cathair iomaíoch agus chónasctha

(ag baint tairbhe as an nascacht de Thionscadal Kelvin agus deiseanna dár dtionscail chruthaitheacha).

Turraing Réigiúnach

Tá ag buachan Cathair Chultúir na Ríochta Aontaithe mar bhunchloch i dtreo leabú síochána agus athbheochan eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha den chathair agus den réigiún iomlán freisin.

Tá an t-aon ranna Rialtais déag agus a n-airí taobh thiar den deis uathúil seo chun bliain mhór i stair na Cathrach a mharcáil agus chun ár stair roinnte a leabú agus a chuimsiú, a chéiliúradh agus a thaiscéaladh agus chun cruth a chur ar thodhchaí nua.

Creidimid go mbeidh an t-ullmhúchán do Chathair Chultúir na Ríochta Aontaithe agus an bhliain de chéiliúradh mar móimint athchumtha don réigiún. Seo é an t-am do Thuaisceart Éireann a thaispeáint don domhan an áit a raibh sé agus an treo a bhfuil sé ag dul.

Dhéanfadh an t-ainmniúchán mar Chathair Chultúir na Ríochta Aontaithe an clár uile a chlaochlú. Chuideodh sé linn infheisteoirí nua a mhealladh. Thar rud ar bith eile, chuideodh sé an Bród Cathartha agus Muinín a thógáil a theastaíonn ónár bpleananna ionas gur féidir leo a bheith réadúil agus chinnteodh sé go mbeadh rochtain do gach duine ar chultúr ár gCathair.





DERRY~LONDONDERRY
Candidate City, UK City of Culture 2013
register your support at:
www.cityofculture2013.com
llow us on cityofculture2013
llow us on derry2013
come an ambassador
are your cultural idea
your story
come connected
Toilets



DOIRE~LONDONDERRY
Cathair Chultúir na RA 2013

Tá ár n-am tagtha agus iarraimid oraibh, na daoine móra le rá sa lá atá inniu ann, tús a chur leis, agus leanúint ar aghaidh leis an móiminteam, ionas gur féidir linn, an chéad ghlúin eile, fuinneamh na cathracha stairiúla seo a shrathú agus éadóchas agus díthostaíocht a chur ar an taobh eile de dhíoltas.

Aoife Monaghan
16 bliana d'aois

DOIRE~LONDONDERRY
Cathair Chultúir na RA 2013

Comhairle Cathrach Dhoire, 98 Bóthar na Trá, Doire, Tuaisceart Éireann,
BT48 7NN T: 028 7136 5151 www.derrycity.gov.uk